

Making the railway system
work better for society.

Gairm bhuan ar léiriú spéise do shainordú Saineolaithe Náisiúnta ar Iasacht (SNIInna)

ERA/SNE/2019/002

Sula seolann tú d'iarratas, deimhnigh go dtacaíonn d'fhostóir le d'iarrthóireacht agus go n-íocfaidh siad do thuarastal agus do shlándáil shóisialta le linn tréimhse na hiasachta!

I - SAINCHUNTAS POIST

Oibreoidh an SNI i Stiúarthóireacht na gCóras Iarnróid san Aonad um Shábháilteacht agus Oibríochtaí faoi fhreagracht Cheann an Aonaid. Ó tharla gur post íogair atá i gceist, beidh ardacmhainn rúndachta ag teastáil ón iarrthóir rathúil.

Príomhchúraimí agus príomhfhreagrachtaí:

- Cuidiú leis an bhfoireann maidir le Baint na mbacainní oibríochtúla a chur chun feidhme, lena n-áirítear glanadh na rialacha náisiúnta maidir le hoibriú agus plé leis na Ballstáit;
- Rannchuidiú le modhanna Inghlactha um chomhlíonadh faoin TSI OPE a fhorbairt;
- Rannchuidiú le forbairt agus nuashonrú a dhéanamh ar ábhar treorach agus scaipthe/oiliúna a bhaineann le TSI OPE agus (measúnú) ar ábhair a bhaineann le Córais Bhainistíochta Sábháilteachta;
- Taithí theicniúil agus oibríochtúil a sholáthar maidir le measúnú na gCóras Bainistíochta Sábháilteachta don Deimhniú Sábháilteachta Aonair;
- *Cuspóirí na dtionscadal a chomhlíonadh, i gcomhréir le caighdeáin agus nósanna imeachta na Gníomhaireachta, a bhaineann leis na nithe seo a leanas:*
 - › feabhas a chur ar shábháilteacht iarnróid trí chultúr dearfach sábháilteachta agus comhtháthú ar thosca daonna agus eagraíochtúla;
 - › comhchuihbhiú na n-oibríochtaí iarnróid agus na gcóras bainistíochta;
- Glanadh bhunachar sonraí NOTIF-IT (Fógraí trí Theicneolaíocht Faisnéise a úsáid) a bhainistiú;
- *Idirchaidreamh a dhéanamh le geallsealbhóirí seachtracha, (lena n-áirítear ionadaithe ó údaráis náisiúnta laistigh agus lasmuigh den Eoraip) agus cruinnithe agus tuarascálacha gaolmhara a ullmhú; agus*
- Páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí scaipthe maidir leis na hoibríochtaí TSI OPE agus SMS.

II - CRITÉIR INCHÁILITHEACHTA

Tá an ghairm bhuan ar léiriú spéise oscailte d'iarrthóirí a chomhlíonann **gach ceann** de na critéir incháilitheachta seo a leanas:

1. **Riachtanais ghinearálta:**

- › A bheith fostaithe ag riarachán náisiúnta, réigiúnach nó áitiúil¹ nó ag Eagraíocht Idir-rialtasach (IGO).²
- › A bheith fostaithe ag an bhfostóir reatha ar bhonn buan nó ar chonradh fostaíochta ar feadh 12 mhí ar a laghad roimh an iasacht;
 - beidh an SNI fós i seirbhís an fhostóra reatha ar fud na tréimhse iasachta;
- › Eolas an-mhaith a bheith aige/aici ar Bhéarla (leibhéal B2 más féidir³) agus eolas sásúil a bheith aige/aici ar theanga oifigiúil eile⁴ de chuid an Aontais Eorpaigh, a mhéid is gá chun na dualgais a bhaineann leis an bpost a chomhlíonadh;
- › A bheith ina náisiúnach de Bhallstát den Aontas Eorpach nó a bheith ina náisiúnach den Limistéar Eorpach Eacnamaíoch (an Íoslainn, Lichtinstéin, agus an Iorua).

2. Cáilíochtaí:

D'fhonn a bheith cáilithe le haghaidh iasachta chuig ERA, ní mór taithí trí bliana ar a laghad a bheith ag saineolaí náisiúnta ar fheidhmeanna riaracháin, dlíthiúla, eolaíochta, teicniúla, comhairleacha nó maoirseachta.

III - CRITÉIR ROGHNÚCHÁIN

Na hiarrthóirí a chomhlíonann na critéir incháilitheachta a leagtar amach thuas, déanfar iad a mheasúnú in aghaidh na gcritéar roghnúcháin:

- Eolas ar chóras idir-inoibritheachta agus sábháilteachta iarnród na hEorpa;
- Eolas ar reachtaíocht AE ábhartha agus ar phróisis tacaíochta (i.e. OSS agus treoir maidir le deimhniú agus maoirseacht sábháilteachta);
- Eolas ar rialacha náisiúnta, oibriú sábháilte, bainistiú riosca agus cur chuige an chórais bainistíochta;
- Taithí ar an bpróiseas measúnaithe maidir le deimhniú sábháilteachta, lena n-áirítear rialacha náisiúnta le haghaidh oibríochta a chur i bhfeidhm;
- Taithí chruthaithe ar obair a dhéanamh i bhfoirne idirnáisiúnta nó i ngrúpaí oibre;
- Eolas ar nósanna imeachta riaracháin AE;
- Eolas ar Fhraincis agus ar Ghearmáinis (leibhéal B2⁵);
- Eolas agus taithí oibre ar mhodhanna agus uirlisí bainistíochta tionscadal (e.g. Microsoft Project).

Ní mór an cur síos is beaichte is féidir a dhéanamh san fhoirm iarratais ERA ar cháilíochtaí oideachais/acadúla agus ar thaithí ghairmiúil.

¹ Is ionann riarachán poiblí agus gach seirbhís riaracháin Stáit, ag leibhéal lárnach, cónaidhmeach agus réigiúnach, ina gcuimsítear aireachtaí, seirbhísí rialtais agus parlaiminte, na cúirteanna, bainc cheannais, agus seirbhísí riaracháin na n-údarás áitiúil, mar aon le seirbhísí riaracháin díláraithe an Stáit agus na n-údarás den chineál sin.

² Féadfaidh Stiúirthóir Feidhmiúcháin na Gníomhaireachta, cás ar chás, iasacht an SNI ó fhostóir seachas riarachán poiblí Stáit nó IGO a údarú, i gcomhréir le hAirteagal 1.2 de chinneadh MB Uimh. 173 i mí na Bealtaine 2018

³ De réir Chomhchreat Tagartha na hEorpa um Theangacha, atá ar fáil ag <https://europass.cedefop.europa.eu/en/resources/european-language-levels-cefr>

⁴ Eolas ar an dara teanga oifigiúil AE a chomhfhreagraíonn do leibhéal B2 ar a laghad, mar a shainítear i gComhchreat Tagartha na hEorpa um Theangacha (CEFR)

⁵ Leibhéal B² i ngach réimse: tuiscint, labhairt agus scríobh

Gairm bhuan ar léiriú spéise do shainordú Saineolaithe Náisiúnta ar Iasacht (SNIInna)

ERA/SNI/2019/002

<i>Dáta foilsithe:</i> 18/11/2019	<i>An spriocdháta le haghaidh iarratas:</i> Tá an ghairm seo ar léiriú spéise neamhiata. NÍL aon spriocdháta ann le haghaidh iarratas
<i>An cineál sainordaithe:</i> Saineolaí Náisiúnta ar Iasacht	<i>Áit fostaíochta:</i> Valenciennes, an Fhrainc
<i>Fad an tsainordaithe:</i> 2 bhliain, agus an fhéidearthacht go ndéanfaí athnuachan/athnuachaintí ar feadh tréimhse iomlán d'uasmhéid ceithre bliana	<i>Tuarastal:</i> Beidh Saineolaithe Náisiúnta ar Iasacht fós i seirbhís an fhostóra atá acu ar fud na tréimhse iasachta. Leanfaidh an SNI ag fáil luach saothair óna f(h)ostóir agus a bheith cumhdaithe ag a s(h)lándáil shóisialta náisiúnta. I rith na hiasachta, gheobhaidh an SNI liúntais chothaithe laethúla ón nGníomhaireacht agus –más infheidhme- aisíocaíocht le haghaidh costais taistil mar atá leagtha amach i gCINNEADH Uimh.º173 Bhord Bainistíochta Gníomhaireacht Iarnróid an Aontais Eorpaigh a leagan síos na rialacha maidir le sainolaithe náisiúnta iasachtaithe agus sainolaithe náisiúnta i mbun oiliúint ghairmiúil a iasachtú don Gníomhaireacht
<i>Aonad:</i> féach thíos	
<i>Ba cheart iarratais a sheoladh trí ríomhphost amháin chuig an mbosca ríomhphoist:</i> jobs@era.europa.eu	

<p>AN GHNÍOMHAIREACTH</p> <p>Is gníomhaireacht de chuid an Aontais Eorpaigh é Gníomhaireacht Iarnróid an Aontais Eorpaigh arna bunú le Rialachán (AE) 2016/796. Is é cuspóir na Gníomhaireachta tacú le forbairt Limistéar Eorpach Aonair Iarnróid, gan teorainneacha, lena ráthaítear leibhéal ard sábháilteachta.</p> <p>Is é príomhchuspóir na Gníomhaireachta an córas iarnróid a dhéanamh níos fearr don tsochaí.</p> <p>Tá an Gníomhaireacht tiomanta don mhéid sin a chinntiú tríd an méid seo a leanas a dhéanamh:</p> <ul style="list-style-type: none"> › Deimhnithe, údaruithe agus seirbhísí réamhcheadaithe a chur ar fáil don earnáil iarnróid; › Tacaíocht theicniúil a chur ar fáil don Choimisiún Eorpach; › Monatóireacht a dhéanamh ar Údaráis um Shlándáil Náisiúnta (USNanna) agus Comhlachtaí dá dtugtar Fógra; › Cúnamh (e.g. scaipeadh, oiliúint) a thabhairt do bhallstáit, USNanna agus páirtithe leasmhara; › Cur chuige comhchoiteann a fhorbairt maidir le sábháilteacht ar an gCóras Eorpach um Bainistiú Tráchtá Iarnróid (ERTMS); agus › Rochtain éascaithe ar earnáil iarnróid na hEorpa a chur chun cinn i measc custaiméirí. <p>Tá tuilleadh sonraí maidir lenár ngníomhaíochtaí le fáil sa Doiciméad Clársceidealaithe Aonair.</p>
--

Is in Valenciennes atá Ceanncheathrú na Gníomhaireachta, agus tá saoráidí breise le fáil in Lille atá tiomanta d'imeachtaí sonracha. Lean an nasc seo a leanas [anseo](#) chun eolas a fháil maidir le misean, fíis agus luachanna na Gníomhaireachta.

Más spéis leat tuilleadh faisnéise, léigh fúinn ar [era.europa.eu](#).

AONAD NA gCÓRAS IARNRÓID

Is é príomhchuspóir na gCóras Iarnróid (RSY) a bheith mar chroílár na hInniúlachta um Chóras Iarnróid don Ghníomhaireacht, lena n-áirítear buíon inmheánach de shaineolaithe ar Chórais Iarnróid. Chuige sin, tá sé d'aidhm ag RSY éabhlóid Ailtireacht um Chóras Sprice SERA a spreagadh ó thaobh sonraíochtaí, próiseas bailíochtaí agus deimhnithe, agus na riachtanais taighde a aithint maidir leis an gCóras Iarnróid sprice don todhcháí.

Tá RSY freagrach as tograí a fhorbairt chomh maith, agus as tacú leis an earnáil chun éabhlóid Chóras Iarnróid sprice SERA a bharrfheabhsú agus na réitigh is inmhathana a chur i bhfeidhm ar mhaithe le hidir-inoibritheacht theicniúil agus oibríochtúil bhreise. Sa bhreis air sin, tá sé de chúram ar RSY cothabháil agus feabhsú, a mhéid is indéanta, a dhéanamh ar shábháilteacht agus ar fheidhmíocht fhoriomlán an chórais iarnróid.

Tá sé mar mhisean eile ag RSY gníomhú mar chuimhne chorparáideach le haghaidh éabhlóid Ailtireacht um Córas Iarnróid SERA, agus mar Údarás Córais le haghaidh ERTMS agus Feidhmchláir Theileamaitice do Phaisinéirí agus Lastas.

Ar deireadh, tá sé d'aidhm ag RSY comhsheasmhacht na gcinntí teicniúla arna nglacadh ar fud Aonaid agus Fhoirne éagsúla na Gníomhaireachta a áirithiú.

NÓS IMEACHTA CHUN IARRATAS A DHÉANAMH

Ionas go mbeidh iarratais **baílí**, ní mór d'iarrthóirí an fhoirm iarratais ERA a chur isteach comhlánaithe go cuí i mBéarla.

Ní mór iarratais a sheoladh trí ríomhphost chuig an mbosca poist jobs@era.europa.eu agus uimhir thagartha na gairme ar léiriú spéise a shonrú go soiléir i líne an ábhair.

Chun an próiseas a éascú, is i mBéarla a sheolfar gach cumarsáid maidir leis an bhfolúntas seo chuig iarratasóirí.

Níl an ghairm bhuan seo ar léiriú spéise faoi réir aon spriocdháta.

NÓS IMEACHTA ROGHNÚCHÁIN

Féadfaidh iarrthóirí iarratas a dhéanamh ar aon cheann de na réimsí atá fógartha i rannóg III "critéir roghnúcháin". Déanfar na hiarratais a fhaightear a mheas ar bhonn rialta.

Coimeádfar na hiarrthóirí a mheastar is oiriúnaí ar bhonn na gcritéir roghnúcháin. Stórálfar a gcomhad iarratais i mbunachar sonraí tiomnaithe agus nuair a bheidh sainordú ar fáil a oireann do phróifíl an iarrthóra rathúil, **d'fhéadfaí** cuireadh chun agallaimh agus/nó scrúdaithe scríofa a thabhairt dó/di.

D'fhéadfaí post mar SNI a thairiscint de réir riachtanais na Gníomhaireachta agus an buiséad a bheith ar fáil. Beidh éifeacht leis an iasacht trí litreacha a mhalartú idir Stiúrthóir Feidhmiúcháin na Gníomhaireachta agus an fostóir a bheidh ag an SNI amach anseo.

ACHOIMRE AR NA COINNÍOLLACHA FOSTAÍOCHTA

- Déanann an ghairm bhuan seo ar léiriú spéise sainordú le haghaidh saineolaí náisiúnta ar iasacht (SNI). Ní fostaíocht atá i gceist leis an iasacht, ná ní bhíonn fostaíocht sa Ghníomhaireacht mar thoradh ar an iasacht. Fanfaidh an SNI i mbun seirbhíse a f(h)ostóra reatha i rith thréimhse na hiasachta agus leanfaidh sé/sí ag fáil luach saothair ón bhfostóir sin.
Tá an SNI i dteideal liúntas cothaithe faoi choinníollacha na hiasachta atá le fáil i [gCINNEADH Uimh.°173 Bhord Bainistíochta](#) Ghníomhaireacht Iarnróid an Aontais Eorpaigh ina leagtar síos rialacha maidir le hiasachtú saineolaithe náisiúnta iasachtaithe agus saineolaithe gairmiúla i mbun oiliúint ghairmiúil a iasachtú chuig an nGníomhaireacht
Roimh iarratas a dhéanamh, ba cheart do gach iarrthóir a chinntiú go dtacóidh a f(h)ostóir reatha leis an iarrthóireacht agus go n-íocfaidh sé/sí an tuarastal agus na ranníocaíochtaí slándála sóisialta le linn thréimhse na hiasachta. Deimhneofar an iasacht trí litreacha a mhalartú idir an Ghníomhaireacht agus an fostóir sa Bhallstát i gceist.
- D'fhéadfadh an SNI tairbhe a bhaint as deiseanna ginearálta agus infheidhme oiliúna teicniúla.

GEALLTANAIS**Gealltanas chun comhdheiseanna a chur chun cinn:**

Is fostóir comhdheiseanna é an Ghníomhaireacht a fháiltíonn roimh iarratais ó gach iarrthóir a chomhlíonann na critéir incháilitheachta agus roghnúcháin gan aon idirdhealú ar fhorais amhail náisiúntacht, aois, cine, tuairimí polaitiúla, fealsúnachta nó creidimh, inscne nó gnéaschlaonadh, agus beag beann ar mhíchumas, ar stádas pósta agus ar aon chúinsí teaghlaigh eile.

COSAINT SONRAÍ

Is é an cuspóir a bhaineann leis na sonraí a sholáthraíonn tú a phróiseáil d'iarratas a bhainistiú ag féachaint d'iasachtú féideartha chuig an nGníomhaireacht.

Próiseálfar an fhaisnéis phearsanta a iarraimid uait i gcomhréir le Rialachán [\(AE\) 2018/1725](#) ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le cosaint daoine nádúrtha i ndáil le sonraí pearsanta á bheith á bpróiseáil ag Institiúidí, Comhlachtaí, Oifigí agus Gníomhaireachtaí an Aontais agus saorghluaiseacht a leithéid de shonraí, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE Téacs le tagairt LEE.